4. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 8: *Atmospheric Chemistry* Caibidil 4 lch 28 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 534)

Fótaidhíthiomsú ózóin

1. *Energy Conservation and the Environment* (Forbairt 1993), rannán ar Fhuinneamh agus ar an gComhshaol, lch 23. Rannán alt, lch 92.
2. *Salters Advanced Chemistry: Chemical Storylines* (dara heagrán) (Heinemann, 2000), lch 67.
3. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 8: *Atmospheric Chemistry* Caibidil 4 lch 29 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 535)
4. "Atmospheric Chemistry" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000)

Feidhmeanna na CFCanna

1. *Energy Conservation and the Environment* (Forbairt 1993). Rannán alt, lgh 101-103.
2. *Salter's Advanced Chemistry: Chemical Storylines* (dara heagrán) (Heinemann, 2000), lgh 75-76 .
3. *SATIS 16-19*, aonad 12 (Cumann Oideachais Eolaíochta, 1992).
4. "Atmospheric Chemistry" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000)
5. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 8: *Atmospheric Chemistry* Caibidil 4 lch 30 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD p. 536)

Am seadaithe na CFCanna

Salter's Advanced Chemistry: Chemical Storylines (dara heagrán) (Heinemann, 2000), lgh 75-76.

Dianscaoileadh na CFCanna sa strataisféar

1. *Salter's Advanced Chemistry: Chemical Storylines* (dara heagrán) (Heinemann, 2000), lch 72
2. *SATIS 16-19*, aonad 12 (Cumann Oideachais Eolaíochta, 1992).
3. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 8: *Atmospheric Chemistry* Caibidil 4 lch 31 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 537)
4. "Atmospheric Chemistry" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000)

Baint ózóin

1. *Energy Conservation and the Environment* (Forbairt, 1993), rannán ar Fhuinneamh agus ar an gComhshaol, lch 23-24.
2. *Salter's Advanced Chemistry: Chemical*

Storylines (dara heagrán) (Heinemann, 2000), lgh 68-69.

3. "Atmospheric Chemistry" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000)
4. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 8: *Atmospheric Chemistry* Caibidil 4 lgh 31- 34 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 537-540)

Ról ag meatán in ionsú adaimh an Cl

1. *Salter's Advanced Chemistry: Chemical Storylines* (dara heagrán) (Heinemann, 2000), lgh 76-77.
2. "Atmospheric Chemistry" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000)

Creidtear go bhfuil na CFCanna ina bpríomhchúis le damáiste ar an gciseal ózóin

1. *Energy Conservation and the Environment* (Forbairt, 1993), Rannán ar Fhuinneamh agus ar an gComhshaol, lgh 23-24.
2. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 8: *Atmospheric Chemistry* Caibidil 4 lgh 31-32 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 537-538)
3. "Atmospheric Chemistry" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000)

Iarmhairtí ag damáiste ar an gciseal ózóin

1. *Energy Conservation and the Environment* (Forbairt, 1993), rannán ar Fhuinneamh agus ar an gComhshaol, lgh 23-24.
2. *Salter's Advanced Chemistry: Chemical Storylines* (dara heagrán) (Heinemann, 2000), lgh 77-79.
3. "Atmospheric Chemistry" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000)

- Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 8: *Atmospheric Chemistry* Caibidil 4 lgh 27-29 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 533-535)

Athsholáthairtí na CFCanna

- SATIS 16-19*, aonad 12 (Cumann Oideachais Eolaíochta, 1992).
- Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 8: *Atmospheric Chemistry* Caibidil 4 lgh 32- 33 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 538-539)
- "Atmospheric Chemistry" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000)

RANNÁN SIOLLABAIS 2A.1

| Ábhar | Tagairtí |
|------------------------------------|--|
| Gach ábhar | <ol style="list-style-type: none"> <i>Ionstraimíocht</i> Treoirlínte do Mhúinteoirí (feic rannán 3). "Crystals" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000) |
| Ionchur Braggs | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 5: <i>Stoichiometry I</i> Caibidil 1 lgh 6-8 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 267-269) |
| Ionchur Dorothy Hodgkin | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 5: <i>Stoichiometry I</i> Caibidil 1 lch 8 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 269) |
| Aimsiú buckminsterfullerene | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 5: <i>Stoichiometry I</i> Caibidil 1 lch 4 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 265) |

RANNÁN SIOLLABAIS 2A.2

| Ábhar | Tagairtí |
|-------|----------|
|-------|----------|

| | |
|--|--|
| Feidhmeanna polaiméirí | <ol style="list-style-type: none"> 1. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 1 lgh 3-4 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 545-546) 2. "Polymers" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000) |
| Stair ghairid ar aimsiú polai(téine) ísealdlúis | <ol style="list-style-type: none"> 1. <i>Salters Advanced Chemistry: Chemical Storylines</i> (dara heagrán) (Heinemann, 2000), lgh 94-96. 2. <i>Serendipity: Accidental Discoveries in Science</i> ag Royston M. Roberts (John Wiley, 1989), lgh 177-181. 3. "Polymers" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000) 4. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 1 lgh 6-7 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 548-549) |
| <u>Stair ghairid ar aimsiú polai(téine) ard-dlúis</u> | <ol style="list-style-type: none"> 1. <i>Salters Advanced Chemistry: Chemical Storylines</i> (dara heagrán) (Heinemann, 2000), lgh 96-98. 2. <i>Serendipity: Accidental Discoveries in Science</i> ag Royston M. Roberts (John Wiley 1989) lgh 182-185. 3. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 1 lgh 7-9 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 549-551) 4. "Polymers" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000) |
| <u>Stair ghairid ar aimsiú an PTFE/ polai(tetrafluroethene)</u> | <ol style="list-style-type: none"> 1. <i>Serendipity: Accidental Discoveries in Science</i> ag Royston M. Roberts (John Wiley 1989), lgh 187-191. |

- | | | |
|-------------------------------|----|--|
| | 2. | "Polymers" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000) |
| | 3. | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 1 lgh 9-10 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 551-552) |
| Athchúrsáil plaisteach | 1. | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 1 lgh 15-18 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 557-560) |
| | 2. | "Polymers" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000) |

RANNÁN SIOLLABAIS 2A.3

| Ábhar | Tagairtí |
|------------------------------------|---|
| Carbón i gcruach agus cruas | 1. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 3 lgh 49-50 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 591-592) |
| | 2. "Steel" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000) |

RANNÁN SIOLLABAIS 2B.1

| Ábhar | Tagairtí |
|---|---|
| Ionchuir Galvani, Volta, Davy agus Faraday | 1. <i>Serendipity: Accidental Discoveries in Science</i> ag Royston M. Roberts (John Wiley 1989), lch 16-18. |
| | 2. "Early History of Electrochemistry" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000) |
| | 3. Teacher's Reference Handbook: An |

Cheimic Modúl 9: *Materials* Caibidil 2
lgh 20- 21 (An Roinn Oideachais agus
Eolaíochta, 2000) (CD lgh 562-563)

RANNÁN SIOLLBAIS 2B.3

| Ábhar | Tagairtí |
|--------------------------|--|
| Cosc creimthe | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 2 lgh 28-29 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 570-571) |
| Anóidí íobartacha | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 2 lch 29 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 571) |

RANNÁN SIOLLBAIS 2B.4

| Ábhar | Tagairtí |
|---------------------------------|---|
| <u>Déanamh sóidiam</u> | <ol style="list-style-type: none"> 1. <i>The Extraction of Metals</i> (ISTA Leabhrán Ceimice uimh. 3), lgh 114-115. 2. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 2 lch 31 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 573) |
| Feidhmeanna sóidiam | <ol style="list-style-type: none"> 1. <i>The Extraction of Metals</i> (ISTA Leabhrán Ceimice uimh. 3), lch 116. 2. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 2 lch 31 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 573) |
| <u>Déanamh alúmanaim</u> | <ol style="list-style-type: none"> 1. <i>The Extraction of Metals</i> (ISTA Leabhrán Ceimice uimh. 3), lgh 127-132. 2. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 2 lgh 32-34 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 574-576) |
| Feidhmeanna alúmanaim | <ol style="list-style-type: none"> 1. <i>The Extraction of Metals</i> (ISTA |

| | | |
|---|----|--|
| | | Leabhrán Ceimice uimh. 3), lch 132. |
| | 2. | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 2 lch 34 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 576) |
| <u>Clóirín mar fhothoradh tábhachtach ó tháirgeadh sóidiam</u> | | <i>The Extraction of Metals</i> (ISTA Leabhrán Ceimice uimh. 3), lch 114. |
| <u>Gnéithe comhshail de tháirgeadh alúmanaim</u> | 1. | <i>Chemistry in Action</i> , iml. 15, lch 17, 1985 |
| | 2. | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 2 lch 34 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 576) |
| <u>Eacnamaíocht leictreachais shaoir in astarraingt an alúmanaim</u> | 1. | <i>Chemistry in Action</i> , iml. 15, lch 14, 1985. |
| | 2. | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 2 lgh 33-34 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 575-576) |
| <u>Nádúr póiriúil an ocsaídchisil a dhéantar trí anóidiú</u> | 1. | <i>Chemistry in Action</i> , iml. 15, lch 22, 1985. |
| | 2. | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 2 lgh 34-35 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 576-577) |
| Athchúrsáil alúmanaim | | Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: <i>Materials</i> Caibidil 2 lch 34 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 576) |

RANNÁN SIOLLABAIS 2B.5

| Ábhar | Tagairt |
|------------------------------------|--|
| Déanamh iarainn agus cruach | 1. <i>The Extraction of Metals</i> (ISTA Leabhrán Ceimice uimh. 3), lgh 152-163. |
| | 2. Teacher's Reference Handbook: An |

Cheimic Modúl 9: *Materials* Caibidil 3 lgh 48-50 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lgh 590-592)

Feidhmeanna iarainn

1. *The Extraction of Metals* (ISTA Leabhrán Ceimice uimh. 3.), lch 163.
2. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: *Materials* Caibidil 3 lch 49 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 591)

Feidhmeanna cruach

The Extraction of Metals (ISTA Leabhrán Ceimice uimh. 3), lch 163.

Próiseas stuanna leictreacha do dhéanamh cruach

1. *From Scrap Iron to Structural Steel* (Leabhrán agus fístéip), Irish Steel.
2. Teacher's Reference Handbook: An Cheimic Modúl 9: *Materials* Caibidil 3 lch 50 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000) (CD lch 592)
3. "Steel" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000)

Gnéithe comhshaoil de tháirgeadh iarainn agus cruach

"Steel" (Seirbhís Tacaíochta um Fhísic agus Cheimic na hArdteistiméireachta, 2000)

2.3 IRISÍ AGUS IRISLEABHAIR

(Tá roinnt de na tréimhseacháin atá liostaithe thíos ar fáil ag ráta níos lú do shíniitheoirí Sheirbhís Foilseacháin Scoileanna Chumann Ríoga na Ceimice. Le haghaidh tuilleadh eolais ar an tseirbhís seo, déan teagmháil le: Oifigeach Oideachais, Scoileanna agus Coláistí, Cumann Ríoga na Ceimice, Teach Burlington, Piccadilly, Londain, WV OBN1, Sasana.)

Chemistry in Action

(ar fáil ón Dr Peter Childs, Ollscoil Luimnigh, Luimneach).

3 eagrán in aghaidh na bliana.

Tá sé seo saor in aisce do mhúinteoirí na ceimice in Éirinn atá cláraithe ar an liosta postála. Folaithe i Seirbhís Foilseacháin Scoileanna Chumann Ríoga na Ceimice.

Chem 13 News

(Ceanadach)

10 n-eagrán in aghaidh na bliana.

Folaithe i Seirbhís Foilseacháin Scoileanna Chumann Ríoga na Ceimice.

Education in Chemistry

(foilsithe ag Cumann Ríoga na Ceimice).

6 eagrán in aghaidh na bliana.

Folaithe i Seirbhís Foilseacháin Scoileanna Chumann Ríoga na Ceimice.

Science

(foilsithe ag Cumann Múinteoirí Eolaíochta na hÉireann).

3 eagrán in aghaidh na bliana.

School Science Review

(foilsithe ag an gCumann Oideachais Eolaíochta i Sasana).

4 eagrán in aghaidh na bliana.

Saor in aisce do bhaill an COE.

Chematters

(foilsithe ag Cumann Ceimiceán Mheiriceá.)

4 eagrán in aghaidh na bliana.

Folaithe i Seirbhís Foilseacháin Scoileanna Chumann Ríoga na Ceimice.

Chemistry in Britain

(foilsithe ag Cumann Ríoga na Ceimice).

12 eagrán in aghaidh na bliana.

Saor in aisce do bhaill an CRC.

Technology Ireland

(foilsithe ag Forfás).

11 eagrán in aghaidh na bliana.

New Scientist

(foilsithe ag IPC magazines).

Eisithe in aghaidh na seachtaine.

Áirítear sna tréimhseacháin seo faisnéis a bhaineann le comhpháirteanna ghlan-cheimice an chúrsa, mar aon leis na gnéithe sóisialta agus feidhmeacha.

Féadfar liosta níos leithne de thréimhseacháin a fháil in *Resources for Teaching Chemistry: A Directory for Chemistry Teachers*, arna fhoilsiú ag The Schools Information Centre on the Irish Chemical Industry, agus arna bhailiú ag an Dr Peter Childs agus Marie Walsh, Ollscoil Luimnigh, Luimneach.

2.4 LEABHAIR

Folaítear sa liosta seo a leanas na leabhair atá liostaithe i rannán 2.2 agus féadfaidh roinnt leabhar eile bheith úsáideach, go háirithe maidir le déileáil leis na comhpháirteanna níos úire de na gnéithe sóisialta agus feidhmeacha. Tá faisnéis ábhartha ar chomhpháirteanna na glan-cheimice den siollabas sna leabhair seo freisin.

Brock, William H.

The Fontana History of Chemistry
(Fontana Press, 1992)

Childs, Peter, agus Walsh, Marie

The Chemical Industry in Ireland: A Directory for Teachers
(Schools Information Centre on the Irish Chemical Industry)

Childs, Peter, agus Walsh, Marie

Resources for Teaching Chemistry
(Schools Information Centre on the Irish Chemical Industry)

Flatow, Ira

They all laughed (Harper Perennial)

Forbairt

Energy Conservation and the Environment (Forbairt, 1993)

Leabhrán Ceimice uimh. 1 an ISTA

Rates of Reaction and Equilibrium

Leabhrán Ceimice uimh. 2 an ISTA

Oxidation - Reduction Reactions

Leabhrán Ceimice uimh. 3 an ISTA

The Extraction of Metals

Leabhrán Ceimice uimh. 4 an ISTA

Industrial Chemistry

Leabhrán Ceimice uimh. 5 an ISTA

Organic Chemicals in Everyday Life

Roberts, Royston M.

Serendipity: Accidental Discoveries in Science (John Wiley, 1989)

Salters Advanced Chemistry

Chemical Storylines (Heinemann, 2000)

Salters Advanced Chemistry

Activities and Assessment Pack (Heinemann, 2000)

Salters Advanced Chemistry

Teacher's Guide (Heinemann, 2000)

SATIS 16-19

(Cumann Oideachais Eolaíochta, 1992)

Science Across Europe

(Cumann Oideachais Eolaíochta)

2.5 AN tIDIRLÍON

Tá líon saormhéadaitheacha d'acmhainní úsáideacha do theagasc na ceimice ar fáil ar an idirlíon. Toisc go bhféadann tagairtí láithreáin ghréasáin éirí as dáta go tapa, níl ach líon an-teoranta de thagairtí folaithe thíos. Tá siad seo ceart ag an am clódóireachta, ach d'fhéadfaí iad a athrú gan fógra. Folófar liosta níos leithne de thagairtí ar leagan láithreáin ghréasáin den doiciméad seo.

I measc samplaí de láithreáin ghréasáin tá:

<http://www.sigma-aldrich.com/>

Tá bileoga sonraí ar shábháilteacht ábhair (BSSA) ar fáil ar an láithreán seo.

<http://www.rsc.org/>

Is le Cumann Ríoga na Ceimice an láithreán seo ina bhfuil cuid mhór nasc le láithreáin úsáideacha eile.

<http://www.anachem.umu.se/eks/pointers.htm>


Is éard atá sa láithreán seo liosta cuimsitheach d'acmhainní teagaisc cheimice ar an idirlíon, lena n-áirítear taispeántais agus turgnaimh, stair na ceimice, agus fiosrachaí a bhaineann leis an gceimic.

<http://chemistry.rsc.org/rsc/chem-img.htm>

Is éard atá sa láithreán seo liostaí d'fhísteipeanna úsáideacha ceimice agus léirmheasanna orthu.

Rannán a trí – ionstraimíocht

| | |
|--------------------|----|
| 3.1 Réamhrá | 40 |
| 3.2 Ionstraimíocht | 40 |



3.1 RÉAMHRÁ

Tugtar faisnéis i rannán 3 ar an ionstraimíocht dá dtagraítear i rannáin éagsúla de shiollabas ceimice na hArdteistiméireachta. Tá an t-ábhar seo á thabhairt isteach den chéad uair, agus is comhpháirt riachtanach de chúrsa nua-aimseartha ceimice é. Tá sé soiléir nach bhfuil sé i gceist leis go dtreallmhóidh scoileanna iad féin le haon cheann de na hionstraimí dá dtagraítear anseo, seachas méadar pH agus dathmhéadar. Mar sin féin, is dócha go dteagmhóidh daltaí leis na hionstraimí is forbartha le linn na gcuartheanna ar ionad ceimiceach tionsclaíoch nó ionad cóireála uisce atá molta. Mar atá léirithe sa siollabas, níl ach eolas ar na prionsabail bhunúsacha amháin a bhaineann le gach ionstraim/teicníc ag teastáil. Níl léirmhíniú ar speictream ag teastáil.

3.2 IONSTRAIMÍOCHT

RANNÁN SIOLLABAIS 1.2

Ionstraim: Mais-speictriméadar

An Gnáthleibhéal

Tá an mais-speictriméadar ina ionstraim atá in ann méideanna coibhneasta iseatóip na dúile a dheighilt agus a thairgeadh. Féadtar na méideanna seo a úsáid chun mais adamhach choibhneasta na dúile a ríomh.

An tArdleibhéal

I mais-speictriméadar (Fig. 1 agus Fig. 2), “instealltar” an sampla a bhfuil anailís le déanamh air san ionstraim, áit ina ngalaítear é, agus ianaítear ansin é trí thuairgneáil le léas leictreon ardfhuinnimh. Luasghéaraítear trí scoiltín na hiain dhearfacha a tháirgtear ar an mbealach seo trí réimse leictreach a úsáid, agus sraontar iad feadh conair chiorclach (braitheann céim chuair na conaire seo ar mhais an iain), trí réimse mhaighnéadach a úsáid. Ar an mbealach seo, deighealtar i léasacha ian a bhfuil mais chosúil acu iad, agus braitear go leictreonach iad.



RANNÁN SIOLLABAIS 3.3

Ionstraim: Mais-speictriméadar

An tArdleibhéal

Féadtar mais-speictriméadar a úsáid chun mais choibhneasa mhóilíneach na substainte atá comhdhéanta de mhóilíní a chinneadh go cruinn. I mais-speictriméadar, ianaítear móilíní agus briseadh iad i mbloghanna atá luchtaithe go dearfach agus ag a bhfuil maiseanna éagsúla (Figiúirí 3(i), 3(ii), 4 (i) agus 4 (ii)). Deighealtar iad seo agus taifeadtar na méideanna coibhneasta, rud a thugann speictream maise an mhóilín. De ghnáth bíonn máthairian móilíneach M^+ i speictream maise an mhóilín M .

Is ionann mais an iain seo agus mais choibhneasta mhóilíneach an mhóilín. (Tabhair faoi deara go bhfuil buaic de 17 aonad maise adamhaí coibhneasta i bhFig. 4 (i), cé gurb ionann mais choibhneasta mhóilíneach an mheatáin agus 16, toisc go gcuimsíonn meatán an t-iseatóp ^{13}C , rud atá in ionannas le 1.1 % de charbón nádúrtha é.)

(Tabhair faoi deara nach bhfuil léirmhíniú ar mhais-speictriméadair ag teastáil.)




Fig. 2

RANNÁN SIOLLABAIS 7.5

Ionstraim: Mais-speictriméadar

An Gnáthleibhéal

I mais-speictriméadar, briseadh móilíní i mbloghanna ag a bhfuil maiseanna éagsúla. Deighealtar iad agus taifeadtar na méideanna coibhneasta, rud a thugann speictream maise an mhóilín. Tá speictrim éagsúla mhaise ag móilíní éagsúla. Dá bhrí sin, féadtar mais-speictriméadracht a úsáid chun anailís a dhéanamh ar ábhair cosúil le gáis ó dhumpa dramhaíola agus chun truailléin orgánacha in uisce a rianú.

(Tabhair faoi deara nach bhfuil léirmhíniú ar mhais-speictrim ag teastáil.)




Fig. 3(i)




Fig. 3(ii)




Fig. 4(i)




Fig. 4(ii)

RANNÁN SIOLLABAIS 1.4

Ionstraim: Speictriméadar ionsúcháin adamhaigh

An tArdleibhéal

Féadtar méid na dúile i sampla a mheas trí ionsú na radaíochta ag adaimh shaora na dúile sin in ionstraim ar a dtugtar an speictriméadar ionsúcháin adamhaigh (fig. 5).

Tuaslagtar an sampla ar a bhfuil anailís le déanamh agus tugtar isteach san ionstraim mar sprae mín é. Tiontaítear i lasair go hadaimh na dúile ar a bhfuil anailís le déanamh. Gineann lampa speisialta, ina bhfuil an dúil atá i gceist ina chatóid, solas atá saintréitheach den dúil sin. Cuirtear an solas seo tríd an sampla adamhaithe, rud a ionsúnn é. Braitheann an méid soilse a ionsúnn sé ar méid na dúile atá i láthair.

Tá speictriméadracht ionsúcháin adamhaigh (SIA) go háirithe úsáideach chun anailís a dhéanamh ar rianmhiotail. Tá cuid mhór feidhmeanna a bhaineann léi, mar shampla, chun anailís a dhéanamh ar luaidhe i bhfuil na n-oibrithe i mianaigh luaidhe.

RANNÁN SIOLLABAIS 9.4

Ionstraim: Speictriméadar ionsúcháin adamhaigh

An tArdleibhéal

Úsáidtear speictriméadar ionsúcháin adamhaigh (feic rannán siollabais 1.4) chun anailís a dhéanamh ar mhiotail throma, amhail luaidhe agus caidmiam, in uisce.




Fig. 5

RANNÁN SIOLLABAIS 7.5

Teicníc: crómatagrafaíocht

An Gnáthleibhéal

Is í crómatagrafaíocht an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar theicníc deighilte ina mbogtar pas gluaisteach atá ag iompar meascáin le céim ionsúiteach roghnach sheasta. Tá roinnt cineálacha éagsúla na crómatagrafaíochta, rudaí a athraíonn sa phas gluaisteach nó sa chéim sheasta a úsáidtear.

I gcrómatagrafaíocht pháipéir is tuaslagóir é an pas gluaisteach agus is céim sheasta é an t-uisce atá coinnithe i snáithíní an pháipéir chrómatagrafaíochta. I gcrómatagrafaíocht cholúin is tuaslagóir é an pas gluaisteach arís agus is soladach míndeighilte, amhail glóthach shilice nó alúmana, í an chéim sheasta. I gcrómatagrafaíocht chaolchisil, is tuaslagóir é an pas gluaisteach freisin agus is caolchiseal solaid mhíndeighilte, amhail glóthach shilice nó alúmana, atá tacaithe ar ghloine nó ar alúmanam í an chéim sheasta.

Tá feistí eastósctha pas sholadaigh ina bhfoirmeacha neamhchostasacha de chrómatagrafaíocht cholúin a cheadaíonn do dheighiltí an-ghasta ábhar.

Tá crómatagrafaíocht chaolchisil go háirithe úsáideach in obair fhóiréinseach, mar shampla, i ndeighilt na ruaimeanna ó shnáithíní.

Tá crómatagrafaíocht gháis agus crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta ina dteicnící crómatagrafaíochta níos forbartha.

RANNÁN SIOLLABAIS 7.5

Teicníc: crómatagrafaíocht gháis

An Gnáthleibhéal

I gcrómatagrafaíocht gháis (figiúirí 6(i) agus 6(ii), is gás é an pas gluaisteach agus is leacht do-ghalaithe (atá brataithe ar cháithníní míne solaid tháimh) í an chéim sheasta. Tá cuid mhór feidhmeanna a bhaineann le crómatagrafaíocht gháis, mar shampla, tástálacha drugaí ar lúthchleasaithe agus tástálacha alcóil san fhuil. In obair anailíseach, úsáidtear crómatagrafaíocht gháis le mais-speictriméadar uaireanta. Deighleann an crómatagraf gáis na comhábhair éagsúla den mheascán atá anailís á dhéanamh air, agus ansin déanann an mais-speictriméadar anailís ar gach comhábhar ar leithligh.




Fig. 6(i)




Fig. 6(ii)

RANNÁN SIOLLABAIS 7.5

Teicnic: crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta (CLAF)

An Gnáthleibhéal

I gcrómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta (fig. 7), is tuaslagóir é an pas gluaisteach agus is cáithníní an-mhín silice í an chéim sheasta. Ní mór ardbhrú a chur leis an tuaslagóir chun é a fhórsáil tríd an gcolún. Úsáidtear an CLAF i ndeighilt na meascán atá níos lú so-ghalaithe ná iad siúd atá inchúisithe ag deighilt trí chrómatagrafaíocht gháis. Tá cuid mhór feidhmeanna a bhaineann leis an CLAF, mar shampla, chun anailís a dhéanamh ar spreagthóirí fáis i bhfeoil agus ar vitimíní i mbianna.

Léirítear i bhFig. 8 crómatagram an CLAF ar mheascán de chomhdhúile.

Sa CLAF, déantar brath tríd an speictriméadar ionsúcháin ultraivialait a úsáid, ach, i gcrómatagrafaíocht gháis, úsáidtear mais-speictriméadar uaireanta. Deighealtar an meascán ag an CLAF, agus ansin féadtar anailís a dhéanamh ar leithligh ar gach comhábhar.




Fig. 7




Fig. 8

RANNÁN SIOLLABAIS 7.5

Teicníc: speictriméadracht ionsúcháin infridheirg (ID)

An tArdleibhéal

Tá speictriméadracht ionsúcháin infridheirg ina teicníc a bhaineann le hionsú na radaíochta infridheirge. Is teicníc mhéarlorgaireachta í, mar tá beagnach speictriméadracht ionsúcháin ar leith ag gach comhdhúil. Mar gheall air seo, tá ID go háirithe úsáideach do shainnaint na substaintí, mar shampla, plástigh agus drugaí. Tá speictrim infridheirg an mheatánóil agus an aigéid fhormaigh léirithe i bhfig. 9 (i) agus i bhfig. 9 (ii), faoi seach.

(Tabhair faoi deara nach bhfuil léirmhíniú ar speictrim ag teastáil.)




Fig. 9(i)




Fig. 9(ii)

RANNÁN SIOLLABAIS 7.5

Teicníc: Speictriméadracht ionsúcháin ultraivialait (uv)

An tArdleibhéal

Tá speictriméadracht ionsúcháin ultraivialait ina teicníc a bhaineann le hionsú na radaíochta ultraivialaite. Is teicníc chainníochtúil í seo agus úsáidtear i gcinneadh cainníochtúil na gcomhdhúl orgánach í, mar shampla, meitibilítí drugaí agus líocha plandaí. Léirítear i bhFig. 10 speictream ultraivialait na beinséine.

(Tabhair faoi deara nach bhfuil léirmhíniú ar speictrim ag teastáil.)




Fig. 10

RANNÁN SIOLLABAIS 9.4

Teicníc: dathmhéadracht

An Gnáthleibhéal

Tá dathmhéadracht ina teicníc a bhaineann le comparáid a dhéanamh idir dath an tuaslagáin agus dath an réimse tuaslagán gnách. Tá gaol líneach idir tiúchan agus ionsúiteacht solais tonnfhaid ar leith. Dá bhrí sin, is teicníc chainníochtúil í dathmhéadracht, agus i measc samplaí dá húsáid, tá anailís ar luaidhe in uisce agus ar leasacháin. Tá léaráid shimplithe de dathmhéadar léirithe i bhFig. 11.




Fig. 11

RANNÁN SIOLLABAIS 9.4

ionstraim: méadar pH

An Gnáthleibhéal

Is éard atá i méadar pH (Fig. 12) leathchill leictreoidé gloine, leathchill tagartha (tá siad araon le fáil san fheireadh céanna), agus méadar íogair a thomhaiseann voltas. Braitheann poitéinseal leictreoidé na leictreoidé gloine ar thiúchan na n-ian H^+ sa tuaslagán ar a bhfuil an leictreoid curtha. Tá an voltaiméadar deartha chun pH an tuaslagáin, seachas an voltas, a léamh go díreach.




Fig. 12

RANNÁN ROGHA SIOLLABAIS 2A.1

Teicníc: Criostalagrafaíocht x-ghathach

An Gnáthleibhéal

Féadfar struchtúr na griostal a chinneadh trí anailís a dhéanamh ar an dóigh a scaipeann an criostal X-ghathanna (fig. 13). D'fhorbair William H. Bragg agus a mhac, William L. Bragg, an teicníc seo agus úsáideadh í chun struchtúr mhórán criostal a chinneadh. D'úsáid Dorothy Hodgkin an teicníc seo chun struchtúir vitimín B12 agus na peinicilline a chinneadh.






Fig. 13.

X-rays scattered from a crystal produce a pattern of dots on a photographic plate.
(In modern instruments the scattered beams are detected electronically.)

Rannán a ceathair

Ceimic Thionsclaíoch (Prionsabail Ghinearálta) agus Cuairteanna Tionsclaíocha

| | | |
|-----|--|----|
| 4.1 | Réamhrá | 55 |
| 4.2 | Cuairteanna tionsclaíocha | 57 |
| 4.3 | Ag tabhairt cuairte ar ghléasra ceimiceach | 58 |



4.1 RÉAMHRÁ

Moltar gur cheart go dtabharfadh daltaí atá ag dul do rogha 1A cuairt ar thionscal áitiúil ceimiceach. Ba cheart go gcuirfí an méid seo a leanas san áireamh sa chuairt thionsclaíoch; a mhéid is a bhaineann siad leis na próisis tionsclaíochta atá i gceist:

- bunábhar
- ráta
- táirgeacht táirgí
- comhthorthaí
- diúscairt dramhaíola agus rialú eisilteach
- rialú cáilíochta
- sábháilteacht
- costais
- suíomh an láithreáin
- ábhair oiriúnacha do thógáil an ghléasra cheimicigh
- cineál próisis
- feidhmeanna táirgí
- scileanna agus saineolas an lucht oibre

(I) BUNÁBHAR

Tugtar bunábhar ar na himoibreáin i bpróiseas tionsclaíoch. Táirgtear bunábhar ó na hamhábhair. Sa tionscal ar a bhfuil cuairt tugtha, ba cheart go sainnithneofaí na hamhábhair, agus go ndéanfaí staidéar ar íonú nó cóireáil cheimiceach na n-amhábhair.

(II) RÁTA

Ba cheart go dtabharfaí teocht, brú agus catalaíoch don phróiseas faoi deara, agus go dtuigfí an dóigh a gcuireann gach ceann díobh seo le ráta shásúil.

(III) TÁIRGEACHT

Ba cheart go mbeadh na coinníollacha roghnaithe ina gcúis le táirgeacht shásúil. Ba cheart go dtuigfí an dóigh a gcuireann an teocht, an brú agus an catalaíoch don phróiseas le táirgeacht shásúil. I gcásanna ina bhfuil an t-imoibriú inchúlaithe agus ina bhfuil an t-imoibriú atá ag teastáil eisiteirmeach, féadann na coinníollacha a bhfuil ina gcúis le táirgeacht ard an ráta a laghdú go suntasach, agus vice versa. Tá sé seo ina chúis le comhréiteach maidir leis na coinníollacha imoibrithe a roghnú.

(IV) COMHTHÁIRGÍ

Ba cheart go dtabharfaí aon chomhtháirgí a dhéantar sa phróiseas faoi deara, agus go ndéanfaí staidéar ar a ndeighilt ón bpríomhtháirge agus ar a ndiúscairt (nó a ndíol).

(V) DIÚSCAIRT DRAMHAIÓLA AGUS CÓIREÁIL EISILTEACH

Ba cheart go ndéanfaí staidéar ar na modhanna a úsáidtear chun aon dramhaíl sholadach agus ghásach a tháirgtear sa phróiseas a dhiúscairt, agus ar mhodhanna na cóireála eisilteach.

(VI) RIALÚ CÁILÍOCHTA

Ba cheart go ndéanfaí staidéar ar na modhanna rialaithe cáilíochta a úsáidtear ach amháin sa mhéid a bhaineann le hionstraimíocht dá bhfuil tagairt déanta in áiteanna eile sa siollabas (feic sonraí ar ionstraimíocht i rannán 3).

(VII) SÁBHÁILTEACHT

Ba cheart go ndéanfaí staidéar ar shuíomh agus leagan amach an ghléasra le haird a thabhairt ar chúrsaí sábháilteachta. Ba cheart go dtabharfaí gnéithe sábháilteachta a ionchorpraítear sa ghléasra, oiliúint ar an láthair oibre na foirne agus monatóireacht na gnúiseacha faoi deara freisin.

(VIII) COSTAIS

Is ionann costais sheasta agus na costais siúd nach mór a íoc beag beann ar an ráta táirgthe. Ina measc tá costais saothair, dímhéas gléasra, cíos talún agus aisíocaíochtaí ar iasachtaí. Is ionann costais athraitheacha agus iad siúd a bhraitheann go díreach ar leibhéal aschuir an ghléasra. Ina measc tá costas an téimh, an leictreachais agus na n-amhábhar.

Ba cheart go dtabharfaí na costais sheasta agus na costais athraitheacha a bhaineann leis an bpróiseas ar a ndéantar staidéar agus na costais a bhaineann le diúscairt dramhaíola faoi deara (go cáilíochtúil). Ina measc siúd tá roinnt nó gach ceann de na nithe seo a leanas: úsáid malartóirí teasa, úsáid catalaíoch, athchúrsáil bunábhar agus díol comhtháirgí úsáideacha.

(IX) SUÍOMH AN LÁITHREÁIN

Is minic a bhunaítear tionscail cheimiceacha in aice le foinse na n-amhábhar nó in aice le margadh le haghaidh an táirge. Féadann infhaighteacht áitiúil an uisce bheith tábhachtach freisin. Is cúinsí tábhachtacha iad infhaighteacht an fhórsa oibre atá oiriúnach, agus infhaighteacht an iompair le haghaidh amhábhar agus táirgí. Do na próisis ar a bhfuil staidéar á dhéanamh, ba cheart go gcinntí na cúiseanna atá le suíomh an ghléasra ag an suíomh ar leith sin.

(X) ÁBHAIR OIRIÚNACHA DO THÓGÁIL AN GHLÉASRA CHEIMICIGH

Níor cheart go n-imoibreodh ábhair thógála gléasra leis an mbunábhar, leis na tuaslagóirí, leis na catalaigh nó leis na táirgí a úsáidtear sa phróiseas. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh na hábhair thógála neamh-imoibríoch agus frithchreimneach ag na ceimiceáin lena dtagann siad i dteagmháil. Ba cheart go dtabharfaí na hábhair a

úsáidtear i dtógáil an ghléasra don phróiseas ar a bhfuil staidéar á dhéanamh faoi deara, go háirithe maidir leis na hábhair a úsáidtear chun na soithí imoibrithe a thógáil.

(XI) CINEÁL PRÓISIS

Ba cheart go dtabharfadh daltaí faoi deara cé acu an é baiscphróiseas, próiseas leathleanúnach nó próiseas leanúnach atá i gceist leis.

(XII) FEIDHMEANNA TÁIRGÍ

Ba cheart go dtabharfaí feidhmeanna na dtáirgí faoi deara.

(XIII) SCILEANNA AGUS SAINÉOLAS AN FHÓRSA OIBRE

Ní mór d'fhostaithe atá go díreach freagrach as oibriú an ghléasra cheimicigh, amhail innealtóirí ceimiceacha, poitigéirí agus oibreoirí próisis, bheith brea-cháilithe agus breá-oilte. Ba cheart go bhfaigheadh daltaí amach cé na cáilíochtaí oideachais atá ag teastáil ó chineálacha éagsúla fostaithe sa ghléasra agus cad chuige go bhfuil siad ag teastáil. I measc cineálacha eile fostaithe, tá cuntasóirí, oibrithe cléireachais, ríomhchláraitheoirí, innealtóirí meicniúla, bithcheimiceoirí, fisiceoirí, feisteoirí, glantóirí, lónadóirí, teicneoirí saotharlainne, oibrithe tógála, oibrithe iompair agus eile.

4.2 CUAIRTEANNA TIONSCLAÍOCHA

Ní gá go bhfuil an tionscal ar a dtugtar cuairt mar cheann de na tionscail chás-staidéir sa siollabas. Mar sin féin, ba cheart go gcoinneofaí cibé tionscal ar a dtugtar cuairt i gcuimhne sa mhéid is go mbaineann siad leis an bpróiseas atá i gceist leis.

Cuairt thionsclaíoch

- (i) tugann sí deis do dhaltaí taithí a fháil ar thionscal na ceimice lena súile féin
- (ii) léiríonn sí codanna den siollabas (go háirithe rogha 1A.1)
- (iii) cuidíonn sí le daltaí chun ábharthacht na ceimice a fheiceáil.

4.2.1 ULLMHÚCHÁN DON CHUAIRT

Chun teacht ar ghléasra ceimiceach atá oiriúnach do chuairt a thabhairt air, agus ar an duine cuí teagmhála, téigh i gcomhairle le *The Chemical Industry in Ireland: A Directory for Teachers*, arna fhoilsiú ag an Schools Information Centre on the Irish Chemical Industry. I gcásanna ina bhfuil an scoil suite i gceantar nach bhfuil aon ghléasra ceimiceach ann, d'fhéadfaí staidéar a dhéanamh ar phróisis áirithe eile lena mbaineann roinnt de na tosca ar a bhfuil staidéar le déanamh. Ina measc tá próiseáil bia, gléasraí, grúdlanna, déirithe, bÁCúis agus oibreacha cóireála uisce.

Ba cheart go ndéanfaí teagmháil leis an ngnólacht atá i gceist i bhfad roimh an gcuart atá beartaithe. Caithfidh an gnólacht aontú agus tuiscint a bheith aige ar an méid seo a leanas

- cén uair a thabharfar an chuairt
- cá fhad a mhairfidh sí (tá uasmhéid de dhá uair an chloig molta)
- cá mhéad dalta a bheidh páirteach
- cén aois iad na daltaí
- leibhéal an eolais chúlra atá ag na daltaí
- comhthéacs na cuairte i ndáil leis an siollabas.

Murar thug an múinteoir cuairt ar an ngléasra roimhe sin, moltar go dtabharfadh sé réamhchuairt air. In aon chás, ní mór don mhúinteoir bheith ar an eolas faoi cad a tharlaíonn sa ghléasra chun na daltaí a ullmhú don chuairt. Ba cheart go mbeadh staidéar déanta ag na daltaí ar rogha 1A.1 roimh an gcuart agus go dtabharfaí cur síos gairid ar an bpróiseas dóibh. Ba cheart go spreagfaí iad chun ceisteanna a chur le linn na cuairte. D'fhéadfaí liosta de cheisteanna molta a thabhairt dóibh, mar shampla iad siúd i rannán 4.3. D'fhéadfaí ceisteanna áirithe a leithdháileadh ar dhaltaí aonair nó ar phéirí de dhaltaí chun a chinntiú go bhfaigheadh an t-eolas ar fad.

4.2.2 LE LINN NA CUAIRTE AGUS INA DIAIDH

Don turas ar an ngléasra, seans go mbeidh gá leis na daltaí a roinnt i ngrúpaí. Ba cheart go spreagfaí iad chun ceisteanna a chur, ní amháin ar na teoraithe, ach ar phearsanra eile sa ghléasra. Ba cheart go leanfaí an chuairt suas ar scoil. D'fhéadfadh daltaí tuairiscí a scríobh, agus is cinnte gur cheart go gcríochnódh siad freagraí ar liosta ceisteanna.

4.3 AG TABHAIRT CUAIRTE AR GHLÉASRA CEIMICEACH

Ceisteanna féideartha

(I) BUNÁBHAR

Cad iad na príomh-amhábhair a úsáidtear sa ghléasra?

Cad chuige go n-úsáidtear na hamhábhair ar leith seo?

Conas a thiontaítear na hamhábhair go bunábhar oiriúnach?

(II) RÁTA

Cad iad na coinníollacha teochta agus brú a úsáidtear san imoibriú nó sna himoibrithé?

Cén catalaíoch, más ann, a úsáidtear?

(III) TÁIRGEACHT TÁIRGÍ

An seasann rogha na gcoinníollacha imoibrithe do chomhréiteach idir ráta agus táirgeacht?

(IV) COMHTHÁIRGÍ

Cad iad na príomh-chomhtháirgí?

Conas a dheighealtar iad?

Cad a tharlaíonn do na comhtháirgí seo?

(V) DIÚSCAIRT DRAMHAIÓLA AGUS CÓIREÁIL EISILTEACH

Cad iad na fadhbanna comhshaoil a bhaineann leis an bpróiseas?

Cad iad na nósanna imeachta um rialú astaíochta a úsáidtear?

(VI) RIALÚ CÁILÍOCHTA

Cad iad na nósanna imeachta um rialú cáilíochta a úsáidtear?

(VII) SÁBHÁILTEACHT

An bhfuil aon ghuaiseacha ag baint le feidhmiú an phróisis?

Conas a dhéantar monatóireacht orthu?

Cad iad na gnéithe sábháilteachta agus oiliúint ar an láthair oibre a úsáidtear?

(VIII) COSTAIS

Cad iad na príomhchostais sheasta?

Cad iad na príomhchostais athraitheacha?

(IX) ATHCHÚRSÁIL ÁBHAR AGUS FUINNIMH

An athchúrsáiltear aon ábhar?

Má athchúrsáiltear, conas a athchúrsáiltear é?

An athchúrsáiltear aon fhuinneamh teasa?

Má athchúrsáiltear, conas a athchúrsáiltear é?

(X) SUÍOMH AN LÁITHREÁIN

Cad chuige go bhfuil an gléasra suite ar an suíomh seo?

